C/2025/457

20.1.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11866 - KREFELD / ICG / GROUPE CLIMATER)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/457)

1. An 9 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Krefeld SAS ('Krefeld', an Fhrainc);

— Intermediate Capital Group plc ('IGC', an Ríocht Aontaithe), cuideachta atá liostaithe go poiblí;

— Climater HoldCo SAS ('Groupe Climater', an Fhrainc), faoi rialú Cobepa SA faoi láthair.

Gheobhaidh Krefeld agus IGC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Groupe Climater.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta Francach a cruthaíodh le déanaí é Krefeld, a bhfuil a cheanncheathrú i bPáras na Fraince. Cuimsítear Anjac Health and Beauty, atá gníomhach san earnáil cóireála áilleachta, i bpunann Krefeld.

— Is bainisteoir sócmhainní malartacha domhanda é ICG atá gníomhach i gcothromas struchtúrtha agus príobháideach, i bhfiachas príobháideach, i sócmhainní réadacha agus i gcreidmheas, agus tá sé bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá láithreacht aige san Eoraip, san Áise Ciúin agus sna Stáit Aontaithe.

— Is cuideachta Fhrancach é Group Climater a bhfuil a cheanncheathrú in Toulouse na Fraince, agus atá gníomhach i soláthar téimh, aerála agus aerchóirithe agus innealtóireachta leictrí agus pluiméireachta. Déanann sé suiteálacha den sórt sin a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a oibriú i réimsí tionscail, cúraim sláinte, tithíochta, miondíola, oifigí agus saoráidí poiblí. Tá Climater i láthair sa Fhrainc, san Eilvéis agus i gCeanada.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OJ C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11866 - KREFELD / ICG / GROUPE CLIMATER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË